Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/0429(COD)

5.2.2026

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm
(COM(2025)0797 – C10-0370/2025 – 2025/0429(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Birgit Sippel

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá ann cheana a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 23

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 25

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm
(COM(2025)0797 – C10-0370/2025 – 2025/0429(COD))

(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0797),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 16(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0370/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2026),

1. Ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) An togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí[3] a chosc agus a chomhrac arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11 Bealtaine 2022, is éard is aidhm don togra	(2) An togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéis ar leanaí a chosc agus a chomhrac arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11 Bealtaine 2022 ***('togra 2022')***, is éard is

sin an creat dlíthiúil fadtéarmach a sholáthar. Mar sin féin, níl a dhóthain dul chun cinn déanta go fóill sa chaibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis an togra sin le bheith cinnte go dtabharfar i gcrích í in am chun an creat dlíthiúil fadtéarmach, lena n-áirítear aon leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1232 a d'fhéadfadh a bheith ann, a ghlacadh agus chun feidhm a bheith aige roimh an 4 Aibreán 2026.	aidhm don togra sin an creat dlíthiúil fadtéarmach a sholáthar. Mar sin féin, níl a dhóthain dul chun cinn déanta go fóill sa chaibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis an togra sin le bheith cinnte go dtabharfar i gcrích í in am chun an creat dlíthiúil fadtéarmach, lena n-áirítear aon leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1232 a d'fhéadfadh a bheith ann, a ghlacadh agus chun feidhm a bheith aige roimh an 4 Aibreán 2026. ***Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh agus an sainordú dul i mbun caibidlíocht idirinstitiúideach an 22 Samhain 2023 ach níor ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh a seasamh go dtí an 26 Samhain 2025. Is gá síneadh breise a chur leis sin, cé gur ceapadh Rialachán (AE) 2021/1232 le bheith ina ionstraim shealadach uathúil lenar tugadh dóthain ama chun togra 2022 a ghlacadh.***
[3] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, COM/2022/209 final.	[3] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, COM/2022/209 final.
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) I bhfianaise na n-imthosca sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/1232 a leasú chun síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse ama atá teoranta go dtí an méid a bhfuil fíorghá léi chun an creat dlíthiúil fadtéarmach a ghlacadh agus chun feidhm a bheith aige.	(4) I bhfianaise na n-imthosca sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/1232 a leasú chun síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse ama atá teoranta go dtí an méid a bhfuil fíorghá léi chun an creat dlíthiúil fadtéarmach a ghlacadh agus chun feidhm a bheith aige. ***Tiomnaíonn na comhreachtóirí iad féin, dá bhrí sin, do theacht ar chomhaontú maidir leis an gcreat dlíthiúil fadtéarmach a luaithe is féidir agus d'fhonn aon síntí breise ar Rialachán (AE) 2021/1232***

amach anseo a sheachaint. Ina theannta sin, ag tógáil san áireamh go raibh sé i gceist go mbeadh feidhm le Rialachán (AE) 2021/1232 ar feadh tréimhse theoranta ama, is gá roinnt forálacha de a shoiléiriú agus iad a oiriúnú do thorthaí na dTuarascálacha ar an gCur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2023[1a] agus an 27 Samhain 2025[1b] ('tuarascálacha ar an gcur chun feidhme 2023 agus 2025').

_____

[1a] COM(2023)0797

[1b] COM(2025)0740

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5 a) Cé go gcuireann soláthraithe áirithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá neamhspleách ar uimhreacha teicneolaíochtaí braite i bhfeidhm ar bhonn deonach, ní scaoiltear na comhreachtóirí óna bhfreagracht creat dlíthiúil cuimsitheach a bhunú lena gcomhlíontar ceanglais Airteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus ní bhaintear an bonn den toirmeasc ar fhaireachán ginearálta faoi dhlí an Aontais.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5 b) Níor cheart, dá bhrí sin, aon ní sa Rialachán seo a léirimhíniú mar ní lena gcuirtear toirmeasc ar chriptiú ó cheann go ceann nó lena ndéantar é a lagú nó an bonn a bhaint de. Ní bheidh toirmeasc ach go háirithe ar sholáthraithe seirbhísí criptithe ó cheann go ceann a thairiscint.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7 a) Ba cheart a mheas i gcónaí gurb ionann próiseáil íomhánna agus físeán faoi Rialacháin (AE) 2021/1232 agus próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] toisc gur sonraí bithmhéadracha iad a phróiseáiltear trí mhodhanna teicniúla sonracha lenar féidir duine nádúrtha a shainaithint nó a fhíordheimhniú go huathúil.
	[1a] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:32016R0679.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7 b) I bhfianaise thuarascálacha cur chun feidhme 2023 agus 2025 chun comhsheasmhacht agus soiléireacht a áirithiú, ba cheart sainmhínithe nach bhfuil ábhartha a thuilleadh mar gheall ar shonraí neamhiomlána míchruinne nach féidir iniúchadh neamhspleách a dhéanamh orthu a scriosadh ó Rialachán (AE) 2021/1232. Ós rud é nár cheart a áireamh i raon feidhme Rialachán (AE) 2021/1232 ábhar mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne nár sainaithníodh roimhe seo a bhrath, ná sirtheoireacht ar leanaí ar líne, tá na sainmhínithe a bhaineann leo iomarcach agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a scriosadh. Cuirtear i dtábhacht i dtuarascálacha cur chun feidhme 2023 agus 2025 freisin nach féidir brath ar aon sonraí dochloíte maidir leis an gcomhréireacht a bhaineann le hábhar mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne ná le sirtheoireacht ar leanaí ar líne nár sainaithníodh roimhe seo, a aimsiú chun údar a thabhairt le srian a chur le cearta áirithe dá bhforáiltear le Treoir 2002/58/CE agus le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7 c) I bhfianaise éifeachtacht neamhchruthaithe Rialachán (AE) 2021/1232 maidir le hábhar mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne nár sainaithníodh roimhe seo, nó sirtheoireacht ar leanaí ar

líne nár sainaithníodh roimhe seo, agus ag an am céanna an tionchar ar rúndacht na cumarsáide dá bhforáiltear le Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], ba cheart aimsiú ábhair mhí-úsáid ghnéis ar leanaí agus sirtheoireacht ar leanaí nár sainaithníodh roimhe seo a bhaint de raon feidhme Rialachán (AE) 2021/1232. Mar sin féin, chun sirtheoireacht ar leanaí a chosc, is féidir soláthraithe áirithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá neamhspleách ar uimhir a spreagadh chun bearta maolaithe a chur in áit, bearta nach gcuireann isteach ar Threoir 2002/58/CE, agus spreagtar iad chun na bearta sin a dhéanamh.

[1a] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil chumarsáide leictreonaí (Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach), (IO L 201, 31.7.2002, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7 d) Ós rud é gurb é an t-aon chuspóir atá leis an Rialachán seo ná go leanfaí ar bhonn teoranta spriocdhírithe modhnaithe de ghníomhaíochtaí áirithe atá dírithe ar mhí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne a chomhrac, ba cheart an maolú dá bhforáiltear leis an Rialachán seo a theorannú do theicneolaíocht sheanbhunaithe atá in úsáid ag soláthraithe áirithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá neamhspleách ar

uimhir chun ábhar mí-úsáid ghnéis ar leanaí a aimsiú, a thuairisciú agus a bhaint, a fheidhmíonn trí íomhánna agus físeáin a mheaitseáil le bunachar sonraí de shínithe digiteacha uathúla neamh-ath-intiontaithe ('haiseanna') d'ábhar sainaitheanta mí-úsáid ghnéis ar leanaí.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7 e) Chun leibhéal leordhóthanach trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, chomh maith le tuairisciú cuimsitheach inchomparáide a áisiú, is gá físeálacha riaracháin as neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí agus na gceanglas tuairiscithe agus trédhearcachta ag soláthraithe áirithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá neamhspleách ar uimhir, go háirithe úsáid na foirme caighdeánaí le haghaidh tuarascála mar a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2916 dá éis ón gCoimisiún[1b].
	[1a] Rialachán (AE) 2024/1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne a chomhrac, IO L, 2024/1307, 14.5.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-

content/ga/TXT/?uri=CELEX%3A32024R1307).

[1b] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2916 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2024 lena leagtar síos foirm chaighdeánach le haghaidh na sonraí a áirítear sa tuarascáil maidir le próiseáil sonraí pearsanta a fhoilsíonn soláthraithe seirbhíse agus a dtuairiscíonn siad don údarás maoirseachta inniúil agus don Choimisiún í faoi Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/2916, 26.11.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R2916&qid=1751600213599).

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7 f) D'fhonn forfheidhmiú rialacha Rialachán (AE) 2021/1232 a neartú, ba cheart fíneálacha riaracháin a fhorchur i gcás aon sárú ar an Rialachán sin, de bhreis ar na bearta iomchuí sin a fhorchuireann an t-údarás maoirseachta de bhun an Rialacháin sin nó in ionad na mbeart sin.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal -1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Aithris 16 de Rialachán (AE) 2021/1232:

'Ba cheart na saghsanna teicneolaíochtaí is lú a chuireann isteach ar an bpríobháideachas de réir staid úrscothach na teicníochta sa tionscal a chur ag obair chun críocha an Rialacháin seo. Níor cheart na teicneolaíochtaí sin a úsáid chun an téacs i dteachtaireachtaí a scagadh agus a scanadh go córasach ach amháin chun patrúin a bhrath lena léirítear cúiseanna nithiúla féideartha drochamhrais faoi mhí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne, agus níor cheart dóibh a bheith in ann substaint inneachar na cumarsáide a thuiscint.'

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 a (nua)
Rialachán(AE) 2021/1232
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal -1a
	Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Aithris 21 de Rialachán (AE) 2021/1232:
	'Chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú i leith na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh de bhun an mhaolaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart do sholáthraithe, faoin 3 Feabhra 2022, agus faoin 31 Eanáir gach bliain dá éis, tuarascálacha a fhoilsiú agus a chur faoi bhráid an údaráis inniúil maoirseachta arna ainmniú de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ('údarás maoirseachta') agus faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart próiseáil a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a chumhdach sna tuarascálacha sin, lena n-áirítear cineál agus méideanna na sonraí a phróiseáiltear, na forais shonracha ar a

bhfuiltear ag brath chun sonraí pearsanta a phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2016/679, na forais ar a bhfuiltear ag brath chun sonraí pearsanta a aistriú lasmuigh den Aontas de bhun Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679, más infheidhme, líon na gcásanna de mhí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne a sainaithníodh, líon na gcásanna inar thaisc úsáideoir gearán leis an sásra sásaimh inmheánaigh nó inar lorg sé leigheas breithiúnach agus toradh na ngearán sin agus na n-imeachtaí breithiúnacha sin, líon agus cóimheasa earráidí (bréag-dheimhneacha) na dteicneolaíochtaí éagsúla a úsáidtear, na bearta a chuireadh i bhfeidhm chun an ráta earráide a theorannú agus an ráta earráide a baineadh amach, an beartas coinneála agus na coimircí cosanta sonraí a chuirtear i bhfeidhm de bhun Rialachán (AE) 2016/679, agus ainmneacha na n-eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mhí-úsáid ghnéis ar leanaí ar roinneadh sonraí de bhun an Rialacháin seo leo.'

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 b (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 2 – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal -1b
	In Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1232, scriostar pointe 3.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 c (nua)

Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 2 – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal -1c
	In Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1232, scriostar pointe 4.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 d (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal -1d
	In Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/1232, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
	'1. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 5(1) agus 6(1) de Threoir 2002/58/CE maidir le rúndacht cumarsáide a bhaineann leis an bpróiseáil a dhéanann soláthraithe ar shonraí pearsanta i dtaca le seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir a sholáthar ar na coinníollacha seo a leanas:
	(a) gur fíor an méid seo a leanas maidir leis an bpróiseáil:
	(i) go bhfuil fíorghá léi chun teicneolaíocht shonrach a úsáid chun ábhar mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne a aimsiú a bhaint agus a thuairisciú do na h-údaráis forfheidhmithe dlí agus d'eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mhí-úsáid ghnéis ar leanaí, agus chuige sin amháin;
	(ii) go bhfuil sí comhréireach agus teoranta do theicneolaíochtaí atá in úsáid ag soláthraithe chun na críche a leagtar

amach i bpointe (i):

(iii) go bhfuil sí teoranta do shonraí inneachair a bhfuil fíorghá leo chun na críche a leagtar amach i bpointe (i);

(iv) go bhfuil sí teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun na críche a leagtar amach i bpointe (i);

(b) go bhfuil na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun na críche a leagtar amach i bpointe (a)(i) den mhír seo i gcomhréir le staid úrscothach na teicníochta sa tionscal agus gurb iad na teicneolaíochtaí is lú iad lena gcuirtear isteach ar an bpríobháideachas, lena n-áirítear prionsabal na cosanta sonraí trí dhearadh agus trí réamhshocrú a leagtar síos in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/679 agus, a mhéid is a úsáidtear iad le hábhar mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne féideartha aitheanta a bhrath;

(c) i leith aon teicneolaíocht shonrach a úsáidtear chun na críche a leagtar amach i bpointe (a)(i) den mhír seo, go ndearnadh measúnú tionchair roimh ré ar chosaint sonraí dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2016/679 agus nós imeachta réamhchomhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán sin;

(d) maidir le teicneolaíocht nua, is é sin teicneolaíocht a úsáidtear chun ábhar mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne a bhrath nár bhain aon soláthraí úsáid aisti i ndáil le seirbhísí a soláthraíodh d'úsáideoirí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir ("úsáideoirí") san Aontas roimh an 2 Lúnasa 2021, go dtuairiscíonn an soláthraí ar ais don údarás inniúil maidir leis na bearta a rinneadh chun cloí le comhairle i scríbhinn arna heisiúint i gcomhréir le hAirteagal 36(2) de Rialachán (AE) 2016/679 ag an údarás inniúil maoirseachta arna ainmniú de bhun Chaibidil VI, Roinn 1, den Rialachán sin ("údarás maoirseachta") le linn an nós imeachta réamhchomhairliúcháin roimhe

ré;

(e) go bhfuil na teicneolaíochtaí a úsáidtear iontaofa go leor sa chaoi a dteorannaíonn siad a mhéid agus is féidir é an ráta earráide i dtaca le hinneachar mhí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne aitheanta a bhrath agus, má tharlaíonn earráidí den sórt sin ó am go chéile, go gceartaítear a n-iarmhairtí gan mhoill;

(f) gur fíor an méid seo a leanas maidir leis na soláthraithe:

(i) go bhfuil nósanna imeachta inmheánacha bunaithe acu chun mí-úsáid sonraí pearsanta, rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta, agus aistrithe neamhúdaraithe sonraí pearsanta, a chosc;

(ii) go n-áirithíonn siad maoirseacht dhaonna ar an bpróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta le teicneolaíochtaí a thagann faoin Rialachán seo agus, sa chás inar gá, idirghabháil dhaonna i bpróiseáil na sonraí sin;

(iii) go n-áirithíonn siad nach ndéantar ábhar nár sainaithníodh roimhe sin mar ábhar mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne nó sirtheoireacht ar leanaí ach amháin mar bhrath deonach a thuairisciú d'údaráis forfheidhmithe dlí nó d'eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mhí-úsáid ghnéis ar leanaí gan deimhniú ó dhuine daonna a fháil roimh ré;

(iv) go bhfuil nósanna imeachta agus sásraí iomchuí bunaithe acu chun a áirithiú gur féidir le húsáideoirí gearáin a thaisceadh leo laistigh de thréimhse ama réasúnach chun a dtuairimí a chur i láthair;

(v) go gcuireann siad úsáideoirí ar an eolas ar bhealach soiléir, feiceálach sothuigthe gur agair siad, i gcomhréir leis an Rialachán seo, an maolú ó Airteagail 5(1) agus 6(1) de Threoir 2002/58/CE maidir le rúndacht cumarsáide úsáideoirí chun na críche a leagtar amach i bpointe

(a)(i) den mhír seo, agus chun na críche sin amháin, an loighic atá laistiar de na bearta a ghlac siad faoin maolú agus an tionchar ar rúndacht cumarsáide úsáideoirí, lena n-áirítear an fhéidearthacht go roinntear sonraí pearsanta le húdaráis forfheidhmithe dlí agus le heagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mhí-úsáid ghnéis ar leanaí;

(vi) go gcuireann siad an méid seo a leanas in iúl d'úsáideoirí, i gcás inar baineadh a gcuid inneachair nó ina ndearnadh a gcuntas a bhlocáil nó inar cuireadh seirbhís a dtairgtear dóibh ar fionraí:

(1) na bealaí chun sásamh a lorg;

(2) an deis chun gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta; agus

(3) an ceart chun leigheas breithiúnach a fháil;

(vii) faoin 3 Feabhra 2022, agus faoin 31 Eanáir gach bliain dá éis, go ndéanann siad tuarascáil a fhoilsiú agus a chur faoi bhráid an údaráis inniúil maoirseachta agus faoi bhráid an Choimisiúin maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo, ina n-áireofar:

(1) cineál agus méideanna na sonraí arna bpróiseáil;

(2) an foras sonrach a bhfuiltear ag brath air don phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2016/679;

(3) an foras a bhfuiltear ag brath air chun sonraí pearsanta a aistriú lasmuigh den Aontas de bhun Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679, i gcás inarb infheidhme;

(4) líon na gcásanna de mhí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne a sainaithníodh, agus idirdhealú á dhéanamh idir ábhar mí-úsáid ghnéis leanaí ar líne agus sirtheoireacht ar leanaí ar líne;

(5) líon na gcásanna inar thaisc úsáideoir gearán leis an sásra sásaimh

inmheánaigh nó le húdarás breithiúnach agus toradh na ngearán sin;

(6) líon agus cóimheasa earráidí (bréag-dheimhneacha) na dteicneolaíochtaí éagsúla bhí in úsáid;

(7) na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun an ráta earráide a theorannú agus an ráta earráide a baineadh amach dá thoradh sin;

(8) an beartas coinneála agus na coimircí cosanta sonraí a cuireadh i bhfeidhm de bhun Rialachán (AE) 2016/679;

(9) ainmneacha na n-eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar roinneadh sonraí leo de bhun an Rialacháin seo;

(g) i gcás inar sainaithníodh mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne amhrasta, go ndéantar na sonraí inneachair agus na sonraí tráchta gaolmhara a próiseáladh chun na críche a leagtar amach i bpointe (a)(i), agus sonraí pearsanta a gineadh trí phróiseáil den sórt sin, a stóráil ar bhealach slán, chun na gcríoch seo a leanas, agus chun na gcríoch sin amháin:

(i) an mhí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne amhrasta a thuairisciú gan mhoill d'údaráis inniúla forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha nó d'eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéis ar leanaí;

(ii) cuntas an úsáideora lena mbaineann a bhlocáil nó soláthar na seirbhíse don úsáideoir lena mbaineann a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh;

(iii) síniú digiteach uathúil neamh-ath-intiontaithe ("hais") a chruthú de shonraí a shainaithnítear go hiontaofa mar ábhar mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne;

(iv) a chur ar chumas an úsáideora lena mbaineann sásamh a lorg ón soláthraí nó athbhreithniú riaracháin nó leigheasanna breithiúnacha a lorg maidir le hábhair a

bhaineann leis an mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne amhrasta; nó

(v) freagairt d'iarrataí arna n-eisiúint ag údaráis inniúla forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha i gcomhréir leis an dlí is infheidhme chun na sonraí is gá a sholáthar dóibh chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh mar atá leagtha amach i dTreoir 2011/93/AE;

(h) nach stóráiltear na sonraí níos faide ná mar is fíorghá chun na críche ábhartha a leagtar amach i bpointe (h) agus, in aon chás, tréimhse nach faide ná 12 mhí ón dáta ar sainaithníodh an mhí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne amhrasta;

(i) go ndéantar gach cás ina bhfuil amhras réasúnaithe agus fíoraithe ann i dtaobh mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne a thuairisciú gan mhoill do na húdaráis náisiúnta inniúla forfheidhmithe dlí nó d'eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéis ar leanaí.'

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 e (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 9 – mír **1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal -1e
	In Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/1232, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
	'1. Ar bhonn na dtuarascálacha arna dtíolacadh de bhun Airteagal 3(1), pointe (g)(vii), agus ar bhonn an staidrimh arna sholáthar de bhun Airteagal 8, déanfaidh an Coimisiún, faoin 4 Meán Fómhair 2026, tuarascáil a ullmhú maidir le cur

chun feidhme an Rialacháin seo agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í.';

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 f (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal -1f
	Cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 7a
	Coinníollacha ginearálta maidir le fíneálacha riaracháin a ghearradh
	Gearrfaidh an Coimisiún fíneálacha as sárú nó as mainneachtain an Rialachán seo a chomhlíonadh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus díspreagthach i ngach aon chás ar leith.
	Beidh sáruithe ar an Rialacháin seo faoi réir fíneálacha riaracháin suas le 10,000,000 EUR, nó i gcás gnóthais, suas le 2% de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda na bliana airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde.
	Beidh feidhmiú a chuid cumhachtaí ag an gCoimisiún faoin Airteagal seo faoi réir coimircí iomchuí nós imeachta i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlí na mBallstát, lena n-áirítear leigheas breithiúnach éifeachtach agus próis chuí.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm aige go dtí an 3 Aibreán ***2028***.	Beidh feidhm aige go dtí an 3 Aibreán ***2027***.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Ráiteas thar ceann an Rapóirtéara
Birgit Sippel
Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 a mhéid a bhaineann lena thréimhse cur i bhfeidhm 2025/0429 (COD)

Tuigeadh gur ionstraim shealadach agus eisceachtúil amháin ab ea an Maolú Eatramhach. Ba é an t-aon chuspóir a bhí leis ná droichead dlíthiúil a bhí sainithe go cúng a chruthú, lena gceadófaí do sholáthraithe bearta deonacha a dhéanamh agus, ag an am céanna, dóthain ama a thabhairt do na comhreachtóirí creat dlíthiúil cuimsitheach buan a dhearadh, a chaibidliú agus a ghlacadh chun mí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha. Ní raibh sé i gceist riamh go mbeadh sé ina ionadaí fadtéarmach ar réiteach reachtach ceart.

Sáraíodh an gealltanas sin cheana féin leis an gcéad togra maidir le síneadh. Ó 2023 i leith, tá Parlaimint na hEorpa réidh le dul i mbun caibidlíochta maidir le creat buan chun teacht ar chomhaontú a luaithe is féidir, go sainráite d'fhonn aon síneadh eile ar an Maolú Eatramhach a sheachaint. In ainneoin ár n-ullmhachta polaitiúla, theip ar an gComhairle an t-am a bhí ar fáil a úsáid go héifeachtach. Dá dheasca sin, táimid anois sa staid achrannach gur baolach go bhfanfaidh srianta ar bhunchearta faoin Treoir maidir le r-Phríobháideachas i bhfeidhm i bhfad níos faide ná mar a samhlaíodh ar dtús. De dheasca gur braitheadh chomh fada sin ar bheart eisceachtúil, baintear an bonn den deimhneacht dhlíthiúil agus laghdaítear an mhuinín as tiomantas an Aontais don chomhréireacht agus don riachtanas.

I bhfianaise an dá thuarascáil ar chur chun feidhme a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach, agus na sonraí neamhiomlána agus míchruinne a chuireann na Ballstáit agus soláthraithe seirbhíse ar fáil go minic á gcur san áireamh, tá sé ríthábhachtach na tátail chearta a bhaint astu. Ní raibh an Coimisiún in ann idirdhealú a dhéanamh idir tuarascálacha bunaithe ar bhearta deonacha i gcomparáid le heagraíochtaí neamhrialtasacha, línte te agus línte cabhrach, agus tuarascálacha úsáideoirí.

Ní leor an bonn fianaise chun údar a thabhairt do raon feidhme leathan. Dá bhrí sin, ní mór aon síneadh breise den Mhaolú Eatramhach a theorannú go docht don mhéid is léir a bheith comhréireach agus riachtanach. Go sonrach, ní mór gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina n-oibleagáidí ginearálta faireacháin a eisiamh. Áirítear leis sin mealltóireacht a bhrath agus ábhar nua mí-úsáid gnéis ar leanaí a bhrath, sa chás gur ábhar imní tromchúiseach ó thaobh comhlíonadh cearta bunúsacha é an easpa ó thaobh sonraí iontaofa agus coimircí soiléire de.

Ag an am céanna, tugadh chun solais leis an taithí a fuarthas leis an Maolú Eatramhach bearna shuntasach san fhorfheidhmiúchán. Is iad na soláthraithe a leagann síos na téarmaí praiticiúla faoina ndéantar an phróiseáil faoi láthair, agus níl na huirlisí éifeachtacha ag an gCoimisiún, an forfheidhmitheoir ainmnithe, chun comhlíonadh a áirithiú. Tá oibleagáidí tuairiscithe agus ceanglais trédhearcachta fós gan forfheidhmiú den chuid is mó, rud a fhágann nach bhfuil an fhaisnéis iontaofa is gá ag lucht ceaptha beartas chun measúnú a dhéanamh maidir le héifeachtacht, comhréireacht agus riachtanas. Chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime sin,

tá sé dianriachtanach na hionstraimí forfheidhmiúcháin iomchuí a thabhairt don Choimisiún, lena n-áirítear córas éifeachtach fíneálacha. Gan smachtbhannaí inchreidte, níl na hoibleagáidí ach dearbhaitheach den chuid is mó, agus lagaítear an chuntasacht.

I bhfianaise an ghealltanais shainráite chun aon síneadh eile ar an Maolú Eatramhach a sheachaint, agus ag brath ar an toil pholaitiúil chun beart a dhéanamh maidir le creat buan, táim sásta tacú le síneadh atá teoranta go docht faoi choinníollacha soiléire. Ba cheart síneadh den sórt sin a theorannú go heisiach d'ábhar aitheanta, haiseáilte mí-úsáid gnéis ar leanaí a bhrath agus ba cheart é a theorannú d'uastréimhse 12 mhí. Thiocfadh raon feidhme níos leithne salach ar chineál sealadach na hionstraime agus ar an tátal nach mór a bhaint as an bhfianaise atá ar fáil.

Go comhthreomhar, ní mór don Choimisiún leas iomlán a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil dó agus tuarascáil bhreise ar chur chun feidhme a ullmhú chun tacú leis an obair maidir leis an ionstraim bhuan. Ní mór an tuarascáil sin a chur ar fáil laistigh den sprioc-am arna bhunú go dlíthiúil agus ní mór go mbeidh measúnú soiléir trédhearcach inti maidir le cathain, conas agus a mhéid a rannchuidigh scanadh deonach leis na cuspóirí sonraithe a bhaint amach. Ní féidir leis na comhreachtóirí cinntí feasacha a dhéanamh ach amháin ar bhonn faisnéis thráthúil chruinn chuimsitheach agus a áirithiú go mbeidh freagairt an Aontais ar mhí-úsáid ghnéis ar leanaí ar líne éifeachtach agus go n-urramófar cearta bunúsacha go hiomlán.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
European Digital Rights
CCIA
Doteurope
Google
Microsoft
Snapchat
X/ Twitter

2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí([3])

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

Sa chás go sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta as a n-ainmneacha, a bhfeidhme nó an dá cheann acu, dearbhaíonn an rapóirtéir gur chuir sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj?eliuri=eli%3Aagree_interinstit%3A2021%3A611%3Aoj&locale=ga).